Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Pearsantachtaí**

Cainteoir: **Edel Ní Bhriain**

[Tá triúr páistí agam] agus tá siad an-an-difriúil óna chéile. Tá Oisín deich mbliana d'aois agus tá sé cliste, spórtúil, ceolmhar (is breá leis an ceol), gealgháireach, réchúiseach…Ach níl sé chomh réchúiseach is atá Conall. Tá Conall i bhfad níos réchúisí – tógann sé an saol go breá réidh. Ní chuireann mórán rudaí isteach air. Chomh maith leis sin, tá Conall spórtúil freisin agus ana-chumasach agus cliste agus éirimiúil. Agus Aoileann ansin…tá Aoileann an-an-ghreannmhar, gealgháireach, ceanúil, grámhar. Is breá léi barróg agus póg a thabhairt do dhaoine.